AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 23.10.2012
COM(2012) 590 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**An Ráiteas Airgeadais a ghabhann le Rialachán (AE) 1168/2011**

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**An Ráiteas Airgeadais a ghabhann le Rialachán (AE) 1168/2011**

## RÉAMHRÁ

Le blianta beaga anuas tá méadaithe go mór ar ualach oibre agus ar thosaíochtaí na Gníomhaireachta Eorpaí chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (Frontex). Le deireanas, spreag an brú méadaitheach ó imircigh ar theorainneacha theas an Aontais de dheasca Earrach na nArabach agus na drochstaide ag teorainn sheachtrach na Gréige, spreag sé an Coimisiún, an Chomhairle agus an Pharlaimint le hachainí a dhéanamh go mbeadh ról níos gníomhaí ag an nGníomhaireacht. Méadaíodh go mór buiséad na Gníomhaireachta in 2010 agus in 2011 d'fhonn é a chur ar a cumas géarú ar a gníomhaíochtaí oibríochtúla sna limistéir sin. Fairis sin, tá ag méadú ar an mbarúil gur cuid shár-riachtanach de bhainistiú theorainneacha seachtracha an Aontais agus gur dóigh le laghdú ar an líon ard do-ghlactha d'imircigh neamhrialta a chailltear ar muir agus iad ag iarraidh dul isteach san AE, é forbairt an Chórais Eorpaigh um Fhaireachas ar Theorainneacha (Eurosur), córas ina mbeidh príomhról ag Frontex amach anseo.

## ATHBHREITHNIÚ AR SHAINORDÚ NA GNÍOMHAIREACHTA

Ina fhianaise sin uile, leasaíodh sainordú na Gníomhaireachta in 2011 d'fhonn é a chur ar a cumas dul i ngleic le dúshláin nua, agus mianta an Choimisiúin, na Comhairle agus na Parlaiminte a shásamh. Glacadh Rialachán (AE) Uimh. 1168/2011 i ndiaidh do dhréacht-téacs arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 24 Feabhra 2010 (COM(2010) 61 final) a bheith curtha faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Ní raibh ráiteas airgeadais ag gabháil leis an dréacht-téacs sin ós ní gur chuid de bhuiséad an Aontais cheana an fóirdheontas do Ghníomhaireacht Frontex agus mheas an Coimisiún nár ghá tuilleadh acmhainní chun na hathruithe a bhí beartaithe a dhéanamh. I Rialachán nua Frontex[1], áfach, is amhlaidh a chuirtear oibleagáidí nua agus oibleagáidí níos mó agus cúraimí nua ar an nGníomhaireacht, agus sonraítear leis go gcaithfidh catagóirí áirithe d'fhoireann na Gníomhaireachta cúraimí áirithe a dhéanamh. Ní miste a rá gurb é an tÚdarás reachtach a thug isteach roinnt de na cúraimí nua sin agus an Rialachán á ghlacadh. Cé go bhfágann na cúraimí sin gur gá poist nua a chruthú amhail post an Oifigigh um Chearta Bunúsacha agus na hOifigigh Chomhordaithe do gach gníomhaíocht oibríochtúil de chuid Frontex, ní raibh foráil déanta maidir leo sin i dtogra reachtach an Choimisiúin.

Is le croíghníomhaíochtaí seo a leanas na Gníomhaireachta a bhaineann na hathruithe is tábhachtaí:

### 1. Foirne Eorpacha Gardaí Teorann a chruthú

Is éard a bheidh sna Foirne Eorpacha Gardaí Teorann gardaí teorann náisiúnta a cheapfar chuig an nGníomhaireacht nó a thabharfar ar iasacht di le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha, i

[1] Rialachán (AE) 1168/2011.

mear-idirghabhálacha agus i dtionscadail phiolótacha. Is cuid d'aon tacar amháin forálacha anois na forálacha dlí maidir leis na Foirne Mear-Idirghabhála Teorann agus na forálacha dlí maidir leis na foirne comhthacaíochta (oibríochtaí comhpháirteacha, tionscadail phiolótacha) agus iad beirt ag teacht faoin gceannteideal 'Foirne Eorpacha Gardaí Teorann'.

## 2. Fócas athneartaithe ar chearta bunúsacha

Soiléiríodh agus méadaíodh infheictheacht na n-oibleagáidí maidir le cearta bunúsacha agus urraim ionstraimí áirithe an dlí idirnáisiúnta:

– I gcás ina ndéantar sárú ar chearta an duine, ní mór misin Frontex a chur ar ceal nó a fhoirceannadh ina n-iomláine nó i bpáirt.

– Ní mór post Oifigigh um Chearta Bunúsacha a chruthú sa Ghníomhaireacht chun cúnamh a thabhairt le ceisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha.

– Ní mór Fóram Comhairleach maidir le Cearta Bunúsacha a chruthú freisin ina mbeidh eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha páirteach.

– Caithfear Cód Iompair a bhunú d'fhonn a áirithiú go n-urramófar cearta bunúsacha.

– Ní mór faireachán ar bhonn critéar oibiachtúil trédhearcach a dhéanamh ar oibríochtaí cur ar ais a mhaoiníonn Frontex. Tarraingeoidh an Coimisiún suas tuarascáil bhliantúil ar an bhfaireachán sin.

– Beidh ar cheann de chúraimí na Gníomhaireachta cúnamh a thabhairt, b'fhéidir, do na Ballstáit i gcásanna amhail éigeandálaí daonna agus tarrtháil ar muir.

– Caithfidh cearta bunúsacha a bheith i gcuraclaim oiliúna fhoireann Frontex agus na ngardaí teorann a ghlacann páirt in oibríochtaí Frontex.

## 3. Acmhainn Oibríochtúil na Gníomhaireachta a neartú

Cuirfidh na Ballstáit tuilleadh acmhainní daonna agus teicniúla ar fáil don Ghníomhaireacht lena n-úsáid in oibríochtaí comhpháirteacha ag teorainneacha seachtracha, agus ina theannta sin, féadfaidh an Ghníomhaireacht a cuid trealaimh theicniúil féin a bheith aici. Mar seo a fhéachfar chuige sin:

– meicníocht atá éigeantach, geall leis, d'acmhainní teicniúla agus daonna, i.e. nuair a thoileoidh na Ballstáit gardaí teorann náisiúnta dá gcuid a cheapadh chuig an nGníomhaireacht nó iad a thabhairt ar iasacht di mar aoi-oifigigh le páirt a ghlacadh in oibríochtaí comhpháirteacha nó trealamh teicniúla a chomhroinnt leis an nGníomhaireacht, beidh ceanglas dlí orthu na gealltanais sin a chomhlíonadh.

– cead a thabhairt do Frontex a chuid sócmhainní teicniúla féin a cheannach agus a léasú agus iad a bheith faoi úinéireacht agus faoi chomhúinéireacht aige.

Ina cheann sin, beidh sainordú ag Frontex sonraí pearsanta a phróiseáil a gheofar le linn oibríochtaí lena n-úsáid chun comhrac a chur ar an gcoireacht, ar gháinneáil daoine agus ar an inimirce neamhrialta. Féadfar sonraí a tharchur chuig Europol leis, ach is ar bhonn gach cáis ar leith a dhéanfar sin.

Tá feabhas mór déanta ar ról comhordúcháin na Gníomhaireachta trí oibleagáid a chur uirthi oifigeach comhordaithe a ainmniú do gach oibríocht comhpháirteach. Fairis sin, ní mór meastóireacht a dhéanamh ar gach oibríocht.

Tá feabhas déanta ar an gcomhar le húdaráis ábhartha tríú tíortha freisin. Is éard is bonn fós leis an gcomhar sin socrú oibre arna thabhairt i gcrích leis na húdaráis inniúla maidir le teorainneacha tríú tír a rialú. Féadfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh teicniúil a thabhairt agus a cuid oifigeach idirchaidrimh a imlonnú chuig tríú tíortha ábhartha chun an leibhéal comhair a mhéadú.

Maidir le hoiliúint, cuirfear clár malairte ar nós Erasmus ar bun do ghardaí teorann náisiúnta.

Ar deireadh, tugadh sainordú ginearálta don Ghníomhaireacht tacú le forbairt Eurosur freisin.

**IMPLEACHTAÍ D'FHOIREANN NA GNÍOMHAIREACHTA IN 2012 AGUS IN 2013**

Beidh impleachtaí móra ag na hathruithe sin d'obair na Gníomhaireachta. Ó thogra an Choimisiúin lena leasaítear Rialachán Frontex a tháinig roinnt de na hathruithe, roinnt eile acu (e.g. ról na n-oifigeach comhordaithe, oifigigh de chuid Frontex a chur i gceann poist i dtríú tíortha, agus na gníomhaíochtaí feabhsaithe a bhaineann le hanailís riosca) is nithe iad atá fairsingithe ag na reachtóirí, agus roinnt eile acu arís is cúraimí nua iad (i.e. poina hOifigigh um Chearta Bunúsacha, bunú an Fhóraim maidir le Cearta Bunúsacha, an fhéidearthacht sonraí pearsanta a phróiseáil, rud ar cuid dhílis de cainéil shlána a chruthú chun faisnéis a mhalartú d'fhonn a chinntiú go láimhseálfar i gceart faisnéis íogair den sórt sin).

Ní mór a mheabhrú freisin go gcuirfidh na cúraimí nua agus na cúraimí feabhsaithe sin ualach riaracháin bhreise ar an nGníomhaireacht sa bhreis ar na gníomhaíochtaí oibríochtúla atá uirthi.

Chun dul i ngleic leis na ceisteanna sin tá staidéar déanta ag an nGníomhaireacht féachaint na cúraimí sin a chur in ord tosaíochta agus na cúraimí a shainaithint nach mór do Frontex a chur chun feidhme le linn na tréimhse 2013–2015. I gcomhthreo leis sin, rinne sí athbhreithniú ar na cláir agus ar na tionscadail atá ann faoi láthair féachaint baill foirne a ath-imlonnú agus iad a chur i mbun oibre ar thosaíochtaí agus/nó cúraimí nua a thabhairt dóibh.

Ach ní leor ath-imlonnú ball foirne ann féin chun é a chur ar chumas na Gníomhaireachta na cúraimí is tábhachtaí atá aici a dhéanamh. Dá bhrí sin, chuir an Ghníomhaireacht san áireamh, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, ní hamháin na cúraimí nua agus na coinníollacha faoina ndéanfar na cúraimí sin, ach an cor crua eacnamaíoch ina bhfuil an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus an cuspóir ginearálta líon ball foirne institiúidí agus gníomhaireachtaí an AE a laghdú. Tháinig as an mbreithniú sin moladh méadú teoranta a dhéanamh ar líon na bpost i bPlean Bunaíochta Frontex, a iarrfar in dhá chéim. Is é sin, ceithre phost bhreise sa Phlean Bunaíochta atá de dhíth go práinneach agus atá ar áireamh i ndréacht-Bhuiséad 2013, chun ceanglais dlí a chomhlíonadh agus príomhchúraimí na Gníomhaireachta á ndéanamh (i.e. na hOifigigh Chomhordaithe atá freagrach as comhordú oibríochtaí comhpháirteacha

ag teorainneacha seachtracha na mBallstát agus an tOifigeach um Chearta Bunúsacha) agus ocht bpost bhreise atá le cruthú a luaithe is féidir é tar éis na céimeanna is gá ó thaobh údarú buiséid a thabhairt.

I ndréacht-Bhuiséad 2013, mar chéad chéim, mhol an Coimisiún na ceithre cinn bhreise de ghníomhairí sealadacha atá sa Phlean Bunaíochta a mhéadú aníos go dtí an teorainn arna leagan síos sa Ráiteas Airgeadais Reachtach. Ó tharla go bhfuil laghdú trí cinn de ghníomhairí conarthacha beartaithe i ndréacht-Bhuiséad an Choimisiúin chun an chéad tráthchuid den laghdú 5% ar bhaill foirne thar an tréimhse 2013–2017 a chur i bhfeidhm, arna fhógairt an 29 Meitheamh 2011 i moltaí an Choimisiúin don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, sin glanmhéadú aon phoist amháin ann mar sin.

Mar dhara céim, moltar sa Teachtaireacht seo agus sa Ráiteas Airgeadais Reachtach a ghabhann léi, ocht gcinn bhreise de phoist a chur lena bhfuil sa Phlean Bunaíochta, agus sin a fhritháireamh roinnt le laghdú sé cinn de phoist ar an líon saineolaithe náisiúnta ar iasacht. Is éard is cúis leis sin go gcaithfidh an Ghníomhaireacht gníomhairí sealadacha a chur in ionad saineolaithe náisiúnta agus/nó gníomhairí sealadacha de réir an Rialacháin nua. Go háirithe leagtar síos ina choinníoll é in Airteagal 17(3) "nach bhféadfar a ainmniú mar oifigeach comhordaithe ach ball foirne de chuid na Gníomhaireachta atá faoi réir Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh nó faoi réir Theideal II de choinníollacha fostaíochta sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh". Sin glanmhéadú dhá phost a thiocfaidh as an moladh seo.

Tá na hathruithe sin léirithe sa ráiteas airgeadais atá ag gabháil leis an Teachtaireacht seo.

| |
|---|
| Teastaíonn ón gCoimisiún go ndéanfar an coigeartú is gá ar Phlean Bunaíochta Frontex, is é sin ocht gcinn bhreise de phoist a chruthú i mbuiséad 2013 (ar bhonn an Ráitis Airgeadais Reachtach a ghabhann leis an Teachtaireacht seo) agus sin a fhritháireamh roinnt le laghdú sé cinn de shaineolaithe náisiúnta ar iasacht a dhéanamh. Maidir le caiteachas, tá na poist bhreise neodrach ó thaobh an bhuiséid ós rud é nach bhfuil aon mhaoiniú breise ag teastáil lena n-aghaidh. Gheofar an maoiniú is gá trí aistrithe a dhéanamh ó Theideal 2 go Teideal 1 laistigh de na leithreasuithe atá iarrtha i ndréacht-Bhuiséad 2013. |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Na forais atá leis an togra/tionscnamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe [an chomhlachta]*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe [an chomhlachta]*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

| |
|---|
| Rialachán (AE) Uimh. 1168/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh. |

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[2]

| |
|---|
| Réimse beartais: Gnóthaí Baile |

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[3]**

☑ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo birt nua**

### 1.4. Cuspóirí

#### *1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

Ó tháinig Conradh Amstardam i bhfeidhm in 1999, glacadh roinnt comhbheart d'fhonn bainistiú is fearr a dhéanamh ar theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 62(2) de Chonradh CE.

Ar bhonn trí cholún, mar atá an reachtaíocht chomhchoiteann, oibríochtaí comhchoiteanna agus an dlúthpháirtíocht airgeadais, tá bearta tábhachtacha déanta amhail glacadh Chód Teorainneacha Schengen[4], glacadh an Treoirleabhair Phraiticiúil do Ghardaí Teorann (Treoirleabhar Schengen)[5], agus glacadh na rialacha maidir le trácht teorann áitiúil[6], bunú Frontex[7], cruthú na bhFoirne Mear-Idirghabhála Teorann[8], agus cruthú an Chiste do Theorainneacha Seachtracha[9].

---

2 ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí.

3 Dá dtagraítear in Airteagal 49(6)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

4 Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 105, 13.4.2006, lch. 1).

5 Moladh ón gCoimisiún C(2006) 5186 an 6 Samhain 2006 lena mbunaítear " an Treoirleabhar Praiticiúil do Ghardaí Teorann (Lámhleabhar Schengen)" atá le húsáid ag údaráis inniúla na mBallstát agus agus rialú á dhéanamh acu ar dhaoine ag teorainneacha.

6 Rialachán (AE) Uimh. 1931/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena leagtar síos rialacha maidir le trácht áitiúil teorann ag teorainneacha seachtracha na Ballstát agus lena leasaítear forálacha Choinbhinsiún Schengen (IO L 29, 3.2.2007, lch. 3).

Ní mór na bearta sin go léir a mheas i bhfianaise choincheap an bhainistithe chomhtháite teorainneacha, coincheap a bhfuil na gnéithe seo a leanas ann[10]:

- Rialú teorann (seiceálacha agus *faireachas*) mar atá sainithe i gCód Teorainneacha Schengen, lena n-áirítear anailís riosca ábhartha agus faisnéis ábhartha faoin gcoireacht;
- Coireacht trasteorann a bhrath agus a imscrúdú i gcomhar le gach údarás forfheidhmithe dlí inniúil;
- An tsamhail rialaithe rochtana ceithre leibhéal (bearta i dtríú tíortha, comhar le tíortha comharsanacha, rialú teorann, bearta rialaithe laistigh den limistéar saorghluaiseachta, lena n-áirítear cur ar ais)[11];
- Comhar idir gníomhaireachtaí i leith bainistiú teorainneacha (gardaí teorann, lucht custaim, póilíní, lucht slándála náisiúnta agus údaráis eile ábhartha) agus an comhar idirnáisiúnta;
- Comhordú agus comhleanúnachas ghníomhaíochtaí na mBallstát, na nInstitiúidí agus chomhlachtaí eile de chuid an Chomhphobail agus de chuid an Aontais.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

<u>Cuspóir sonrach Uimh.1.</u>

É a chur ar chumas daoine teorainneacha inmheánacha a thrasnú gan seiceálacha teorann, teorainneacha slána a chur chun cinn agus imirce neamhrialta a chosc trína thuilleadh forbartha a dhéanamh ar chóras bainistíochta comhtháite do theorainneacha seachtracha agus ar chaighdeáin arda seiceálacha teorann, lena n-áirítear SIS II agus tacaíocht airgeadais ón gCiste um Theorainneacha Seachtracha a chothú.

<u>Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann</u>

Gníomhaíocht 18 02 : Dlúthpháirtíocht – Teorainneacha seachtracha, beartas maidir le víosaí agus saorghluaiseacht daoine

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

---

7 Cinneadh Uimh. 574/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 lena mbunaítear an Ciste um Theorainneacha Seachtracha don tréimhse 2007 go 2013 mar chuid den chlár ginearálta "Dlúthpháirtíocht agus Bainistiú Rabhartaí Imirice" (IO L 144, 6.6.2007, lch. 22).

8 Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2004 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (IO L 349, 25.11.2004, lch. 1).

9 Rialachán (CE) Uimh. 863/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 lena mbunaítear meicníocht chun Foirne Mear-Idirghabhála Teorann a chruthú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle maidir leis an meicníocht sin agus lena rialaítear cúraimí agus cumhachtaí na n-aoi-oifigeach (IO L 199, 31.7.2007, lch. 30).

10 Conclúidí an 2768ú Cruinniú den Chomhairle maidir le Ceartas agus Gnóthaí Baile, an Bhruiséil, an 4-5 Nollaig 2006, doc. 15801/06 (Presse 341), lch. 26.

11 Tá tuairisc ar an tsamhail sin ina hiomláine i gCatalóg Schengen an AE maidir le teorainneacha seachtracha a rialú, aistriú agus athcheadú isteach: moltaí agus deachleachtais, Feabhra 2002.

*1.4.4.* I bhfianaise na n-oibleagáidí nua agus na n-oibleagáidí méadaithe atá ar an nGníomhaireacht agus na gcúraimí nua atá uirthi, a fhágann go gcaithfidh catagóirí áirithe d'fhoireann na Gníomhaireachta cúraimí áirithe a dhéanamh, ní mór Plean Bunaíochta na Gníomhaireachta a leasú. I gcomhréir le barúlacha buiséid a thug an tÚdarás Buiséadach uaidh i mbuiséad 2012 an AE, beidh buiséad na Gníomhaireachta faoi réir leasú d'fhonn acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil don Ghníomhaireacht chun go bhféadfaidh sé a cúraimí nua a dhéanamh faoin Rialachán nua. D'fhonn osamharc cuimsitheach ar na hathruithe a thabhairt, ba cheart ráiteas airgeadais a chur *a posteriori* leis an Rialachán a léireoidh fírinne na riachtanas foirne atá ag an nGníomhaireacht. Maoineofar an fhoireann bhreise leis an bhfóirdheontas a sannadh cheana féin do Frontex faoi bhuiséad an Aontais.

*Sonraigh na táscairí lena léirítear an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

## 1.5. Na forais atá leis an togra/tionscnamh

### *1.5.1. Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Bunaíodh FRONTEX in 2004 agus thosaigh sí ag feidhmiú in 2005. Seo iad príomhchúraimí na Gníomhaireachta:

– Comhar oibríochtúil idir na Ballstáit a chomhordú i réimse bhainistiú teorainneacha seachtracha;

– Cúnamh a thabhairt do na Ballstáit oiliúint a chur ar a ngardaí teorann, lena n-áirítear caighdeáin choiteanna oiliúna a bhunú;

– Anailísí riosca a dhéanamh;

– Obair leantach a dhéanamh i bhfianaise na forbartha a thiocfaidh ar thaighde atá ábhartha chun rialú agus faireachas a dhéanamh ar theorainneacha seachtracha;

– Cúnamh a thabhairt do na Ballstáit nuair atá gá le breis cúnaimh theicniúil agus oibríochtúil ag teorainneacha seachtracha;

– An tacaíocht is gá a thabhairt do na Ballstáit chun comhoibríochtaí cur ar ais a dhéanamh.

D'fhonn a misean a chur i gcrích, féadfaidh an Ghníomhaireacht comhoibriú le húdaráis inniúla tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Le blianta beaga anuas tá méadú mór tagtha ar ualach oibre agus ar thosaíochtaí Frontex. Faoi mar a iarradh i gClár na Háige, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht an 13 Feabhra 2008 maidir le meastóireacht agus le forbairt a dhéanamh ar Ghníomhaireacht FRONTEX (COM(2008) 67 final), agus bhí measúnú tionchair ag gabháil leis an Teachtaireacht sin. Rinneadh moltaí sa Teachtaireacht, moltaí don ghearrthéarma agus don mheántéarma, agus cuireadh chun cinn inti smaointe faoi fhorbairt na Gníomhaireachta san fhadtéarma.

Bhí fáilte ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa roimh Theachtaireacht 2008, agus bhí an dá institiúid sin ar aon tuairim leis an gCoimisiún gur éirigh go han-mhaith leis an

nGníomhaireacht ó bunaíodh í agus d'iarr siad an Ghníomhaireacht a neartú tuilleadh. Tá an cuspóir sin léirithe freisin ina lán conclúidí ón gComhairle agus ón gComhairle Eorpach ó shin, amhail an Comhaontú um inimirce agus tearmann, agus Clár Stócólm, a ghlac an Chomhairle Eorpach an 10–11 Nollaig 2009 agus inar iarradh an Ghníomhaireacht a neartú, go háirithe trí athbhreithniú a dhéanamh ar a creat dlíthiúil. Dá bhrí sin, tá comhthoil láidir ar an leibhéal idirinstitiúideach i leith ról na Gníomhaireachta i mbainistiú comhtháite theorainneacha an Aontais agus i leith a bhfuil i ndán di amach anseo.

Le deireanas, spreag an brú méadaitheach imirceach atá ar theorainneacha theas an Aontais de dheasca Earrach na nArabach agus na drochstaide ag teorainn sheachtrach na Gréige, spreag sé an Coimisiún, an Chomhairle agus an Pharlaimint le hachainí a dhéanamh go mbeadh ról níos gníomhaí ag an nGníomhaireacht.

Ina fhianaise sin uile, leasaíodh sainordú na Gníomhaireachta in 2011 d'fhonn é a chur ar a cumas dul i ngleic le dúshláin nua, agus mianta an Choimisiúin, na Comhairle agus na Parlaiminte a shásamh.

I gcomhréir leis an Rialachán leasaithe caithfidh an Ghníomhaireacht:

– an linn gardaí teorann a bhunú agus a bhainistiú féachaint iad a imlonnú mar chuid de na Foirne Eorpacha Gardaí Teorann in oibríochtaí arna gcomhordú ag Frontex;

– oifigeach comhordúcháin a ainmniú do gach comhoibríocht nó tionscadal piolótach a n-imlonnófar baill de na Foirne Eorpacha Gardaí Teorann chuige. De réir an Rialacháin leasaithe ní féidir a ainmniú mar oifigeach comhordaithe ach ball foirne de chuid na Gníomhaireachta atá faoi réir Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh nó faoi réir Theideal II de choinníollacha fostaíochta sheirbhísígh eile an Aontais Eorpaigh;.

– córais a fhorbairt agus a oibriú a fhágann gur féidir faisnéis faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn ag na teorainneacha seachtracha a mhalartú go gasta agus go hiontaofa;

– an cúnamh is gá a thabhairt chun Córas Eorpach um Fhaireachas ar Theorainneacha a fhorbairt agus a oibriú;.

– oifig an Oifigigh um Chearta Bunúsacha agus Fóram Comhairleach maidir le Cearta Bunúsacha a chruthú.

Beidh ina chuid den anailís riosca measúnú ar chumas na mBallstát dul i ngleic le bagairtí agus le brúnna ag na teorainneacha seachtracha.

Beidh ar an nGníomhaireacht ról feabhsaithe a ghlacadh chuici agus í ag féachaint le cuspóirí an Aontais Eorpaigh a bhaint amach i dtaca le comhar le tríú tíortha i réimse na bainistíochta teorainneacha.

*1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

Tá Rialachán leasaitheach (AE) Uimh. 1168/2011 bunaithe ar Airteagal 74 (i.e. bearta arb é is aidhm leo comhar riaracháin idir ranna ábhartha na mBallstát a áirithiú) agus ar Airteagal 77(2)(b) agus (d) den CFAE (i.e. bearta a ghlacadh maidir leis na seiceálacha a mbeidh daoine faoina réir agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha agus gach beart is gá a

ghlacadh chun córas comhtháite bainistíochta do theorainneacha seachtracha a bhunú de réir a chéile).

Is éard is cuspóir an Rialacháin seo bainistíocht chomhtháite an chomhair oibríochtúil ag teorainneacha seachtracha a fhorbairt a thuilleadh, agus san am céanna, srianta bunúsacha na bhforálacha atá ann cheana a urramú, rud nach féidir leis na Ballstáit a bhaint amach go leordhóthanach.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile dá leithéid san am a chuaigh thart*

Neamhbhainteach

*1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí ábhartha eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Neamhbhainteach

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais**

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse teoranta**

– ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☑ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2012 go 2013

– cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[12]

☑ **Bainistíocht indíreach láraithe** trí na cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig:

– ☐ gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

– ☑ comhlachtaí arna mbunú ag an Aontas Eorpach[13]

– ☐ comhlachtaí náisiúnta san earnáil phoiblí/comhlachtaí a bhfuil misean de sheirbhís phoiblí acu

– ☐ daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta ar leith a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus atá sainaitheanta sa ghníomh bunaidh ábhartha de réir bhrí Airteagal 49 den Rialachán Airgeadais

☐ **Comhbhainistíocht** le heagraíochtaí idirnáisiúnta **(tabhair sonraí)**

---

12 Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin DG Budg: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html.

13 Dá dtagraítear in Airteagal 185 den Rialachán Airgeadais.

*I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

Ullmhaíodh an ráiteas airgeadais reachtach seo *a posteriori* d'fhonn osamharc cuimsitheach ar riachtanais foirne na Gníomhaireachta a léiriú i bhfianaise na n-athruithe a tugadh isteach le glacadh an leasaithe ar Rialachán Frontex. I ngeall ar an gcor crosta ina bhfuil buiséad an AE, táthar a mholadh go ndéanfaidh Gníomhaireacht Frontex a dícheall na costais a bhaineann leis an bhfoireann bhreise (12 ghníomhaire shealadacha AD) a sheasamh laistigh den fhóirdheontas a leithdháileadh cheana di i mBuiséad an Aontais.

Meastar go mbeidh na méaduithe foirne seo a leanas neodrach ó thaobh an bhuiséid faoi mar atá mínithe san táblaí atá thíos. Shásódh Frontex an gá atá le leithreasuithe breise trí fhritháireamh páirteach in aghaidh post saineolaithe náisiúnta ar iasacht a dhéanamh, faoi mar atá léirithe san táblaí thíos, sin nó trí choigiltí eile a dhéanamh laistigh de Theideal 1. Dá mbeadh gá fós le leithreasuithe breise, d'fhéadfaí iad a fháil trí acmhainní a aistriú ó Theideal 2 (nach bhfuil aon bhuiséad riaracháin foirne ag baint leis) chuig Teideal 1 i gcomhréir leis an lánrogha atá ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin faoin Rialachán Airgeadais maidir le Frontex.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh cé chomh minic, agus na coinníollacha.*

| |
|---|
| Gach bliain roimh an 31 Márta, glacfaidh Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta tuarascáil ghinearálta na Gníomhaireachta don bhliain roimhe sin agus cuirfidh sé ar aghaidh í chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 15 Meitheamh ar a dhéanaí. Déanfar an tuarascáil ghinearálta a phoibliú. I gceann gach cúig bliana, coimisiúnóidh an Bord Bainistíochta meastóireacht sheachtrach neamhspleách ar chur chun feidhme an Rialacháin seo. Sa mheastóireacht sin, scrúdófar a éifeachtaí a chomhlíon an Ghníomhaireacht a misean. Déanfar tionchar na Gníomhaireachta agus a cleachtas oibre a mheas freisin.<br><br>Sa chéad mheastóireacht i ndiaidh theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1168/2011 déanfar anailís freisin ar an ngá atá le breis comhordú ar bhainistíocht theorainneacha seachtracha na mBallstát, lena n-áirítear a indéanta a bheadh sé córas Eorpach gardaí teorann a chruthú. |

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

#### *2.2.1. Na rioscaí a aithníodh*

| |
|---|
| I ngeall ar an mbrú méadaitheach atá ag teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh de thoradh imirce tá gá le breis comhair oibríochtúil idir na Ballstáit, arna comhordú ag Frontex, ar bhonn na comhfhreagrachta agus dlúthpháirtíochta d'fhonn an leibhéal is airde is féidir sláine a áirithiú ag teorainneacha seachtracha agus d'fhonn rannchuidiú le baint amach leibhéal feabhsaithe de shlándáil inmheánach san Aontas Eorpach, ag cur chun cinn, san am céanna, urramú ceart bunúsach i mbainistiú teorainneacha. Is gá foireann na Gníomhaireachta a athneartú chun an sainordú agus na ceanglais leathnaithe atá leagtha síos sa Rialachán leasaithe seo a chomhlíonadh. Tá a oiread leasa is féidir bainte as imlonnú na foirne atá ann cheana. Mura gcuirfear na poist nua a iarradh ar fáil beidh dlí infheidhme an Aontais á shárú go seasta. |

#### *2.2.2. Modhanna rialaithe atá beartaithe*

| |
|---|
| Cuirtear cuntais na Gníomhaireachta faoi bhráid na Cúirte Iniúchóirí lena bhformheas, agus beidh siad faoi réir an nós imeachta urscaoilte. Déanfaidh Seirbhís an Choimisiúin um Iniúchóireacht Inmheánach a cuid iniúchtaí féin i gcomhar le hiniúchóir inmheánach na Gníomhaireachta. |

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.*

| |
|---|
| Tá an Ghníomhaireacht faoi réir monatóireachta ag an Oifig Frith-Chalaoise |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas **caiteachais** | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon** [Tuairisc…] | LD/LN[14] | **ó thíortha CSTE[15]** | **ó** thíortha is iarrthóirí[16] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais |
| 3A | 18.020301: An Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha — Ranníocaíocht le Teidil 1 agus 2 | Neamhdhifreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 3A | 18.020302: An Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha — Ranníocaíocht le Teideal 3 | Neamhdhifreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **Líne buiséid** | **Saghas caiteachais** | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Uimhir [Ceannteideal………………………...……]** | LD/LN | **ó thíortha CSTE** | **ó thíortha is iarrthóirí** | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais |
| | Neamhbhainteach | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

[14] LD – Leithreasuithe difreáilte / LN – Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
[15] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
[16] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | Uimhir | 18 02 |
|---|---|---|

| Comhlacht: An Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha — | | | Bliain **2012** | Bliain **2013** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | ... iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1 | Gealltanais | (1) | 0 | +500* | | | | | | +500* |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0 | +500* | | | | | | +500* |
| Teideal 2 | Gealltanais | (1a) | 0 | -500 | | | | | | **-500** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 0 | -500 | | | | | | **-500** |
| Teideal 3 | Gealltanais | (3a) | **0** | | | | | | | **0** |
| | Íocaíochtaí | (3b) | **0** | | | | | | | **0** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe don Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha** | Gealltanais | =1+1a +3a | 0 | 0* | | | | | | 0* |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3b | 0 | 0* | | | | | | 0* |

* 12 phost bhreise an líon iomlán post nua atá beartaithe.

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **5** | "Caiteachas riaracháin" |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | ... iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: Gnóthaí Baile | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | | | | | | | | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** Ard-Stiúrthóireacht: Gnóthaí Baile | Leithreasuithe | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | | Bliain **N**[17] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | ... iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | | | | | | | | |

17 Is í bliain N an bhliain a gcuirtear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasuithe [an chomhlachta]*

- ☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | ... iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ⇩ | Saghas aschuir[18] | Meán chostas an aschuir | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon iomlán na n-aschur | Iomlán iomlán |
| Sainchuspóir Uimh. 1[19]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

18 Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

19 Mar a thuairiscítear i Roinn 1.4.2. "Cuspóirí sonracha...".

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna Ghníomhaireacht Frontex*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineáil riaracháin, a bhfuil míniú orthu thíos:

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **2012** | Bliain **2013** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | ... iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | | | | | | | | |
| Gníomhaire ar conradh | | | | | | | | |
| Gníomhairí sealadacha | 0 | 1,320 | | | | | | |
| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht | 0 | -0,320 | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0** | **1,000*** | | | | | | |

12 phost bhreise an líon iomlán post nua atá beartaithe. EUR 1.32 milliún (12 x EUR 0.11 milliún) an costas measta ar 12 phost AD. Meastar, áfach, nach mbeidh aon tionchar ó thaobh an bhuiséid aige sin ar chaiteachas na Gníomhaireachta in 2013, ós rud é go ndéanfar an caiteachas sin a fhritháireamh leis an laghdú ar an gcostas a bhaineann le saineolaithe náisiúnta ar iasacht atá i mbun oibre cheana. Cuirfear deireadh le poist na saineolaithe náisiúnta ar iasacht i gceist de réir a chéile le linn 2013. Maoineofar an costas fanta trí choigiltí eile a dhéanamh laistigh de Theideal 1, agus, más gá, trí aistrithe dar luach EUR 750 000 ar a mhéad a dhéanamh ó Theideal 2 go Teideal 1.

**<u>Tuairisc ar na poist atá ag teastáil:</u>**

<u>1 Oifigeach um Chearta Bunúsacha, leibhéal AD</u>

De réir Airteagal 26(3) de Rialachán leasaithe Frontex, ainmneoidh an Bord Bainistíochta Oifigeach um Chearta Bunúsacha. Déanfaidh sé a chuid dualgas go neamhspleách agus tuairisceoidh sé go díreach don Bhord Bainistíochta. Tosaíocht ríthábhachtach ag an nGníomhaireacht is ea cruthú an phoist seo, agus ní mór é a chur i gcrích in 2012. Tá údar leis an ngrád tosaigh a bheith sách ard i ngeall ar an leibhéal saineolais agus stádais an Oifigigh

um Chearta Bunúsacha. Ar a thionscnamh féin, chuir an tOmbudsman Eorpach tús le fiosrúchán faoin gcaoi a bhfuil Frontex ag cur chun feidhme a cuid oibleagáidí bunúsacha, lena n-áirítear earcú an Oifigigh um Chearta bunúsacha.

<u>6 Oifigeach Chomhordaithe de chuid Frontex, leibhéal AD7</u>

I gcomhréir le hAirteagal 3b(5) den Rialachán leasaithe, ainmneoidh Frontex oifigeach comhordaithe do gach comhoibríocht nó tionscadal píolótach a bhfuil baill de na Foirne Eorpacha Gardaí Teorann imlonnaithe chuige. Ina theannta sin, tá coinníoll in Airteagal 17(3) den Rialachán nach féidir, chun críche Airteagal 3b(5) a chur chun feidhme, a ainmniú mar oifigeach comhordaithe ach ball foirne de chuid Frontex atá faoi réir Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh nó faoi réir Theideal II de choinníollacha fostaíochta sheirbhísígh eile an Aontais Eorpaigh. Ó cheann ceann na bliana bíonn an Ghníomhaireacht ag seoladh agus ag comhordú roinnt comhoibríochtaí agus tionscadal píolótach i gcomhréir lena chlár oibre bliantúil, rud a fhágann gur gá baill de na Foirne Eorpacha Gardaí Teorann a imlonnú. Is oibríochtaí buana roinnt de na comhoibríochtaí sin, le fírinne, (i.e. iad sin sa Mheánmhuir agus ag teorainneacha talún idir an Tuirc agus an Ghréig) agus is gá, dá bhrí sin, Oifigeach Comhordaithe a bheith i láthair i rith an ama. Ó tharla go bhfuil feidhmeanna Oifigigh Chomhordaithe Frontex á ndéanamh faoi láthair ag saineolaithe náisiúnta ar iasacht, tiocfaidh laghdú seisear ar líon iomlán na saineolaithe náisiúnta ar iasacht i ngeall ar earcú gníomhairí sealadacha.

<u>1 Oifigeach um Bainistiú Táirgí agus Athruithe, leibhéal AD7</u>

Caithfidh an post seo an cúram nua atá bunaithe faoi Rialachán leasaithe Frontex a chlúdach freisin (Airteagal 11 i gcomhcheangal le hAirteagal 11c, 11d, agus 13(2)), is é sin: forbairt agus bunú an chórais malairte faisnéise do ICONET (an Líonra Faisnéise agus Comhordúcháin le haghaidh Seirbhísí Bainistithe Imirce Ballstát), sonraí rúnaicmithe; cainéil shlána chun faisnéis a mhalartú agus athsholáthar FOSS ( *Frontex One Stop Shop* – tairseach gréasáin Frontex chun faisnéis a mhalartú), lena n-áirítear sonraí pearsanta a tharchur chuig gníomhaireachtaí eile de chuid an AE. Chun an cúram sin a dhéanamh, tá taithí, eolas agus scileanna ar leith a dhíth lena áirithiú go dtiocfaidh na buntáistí breise sin a bhaineann le Frontex i gcrích, go gcuirfear in iúl iad agus go ndéanfar iad de réir chreat dlí an AE.

3.2.3.2. <u>Tá 4 phost (1 ar leibhéal AD8 agus 3 ar leibhéal AD7) beartaithe i dtogra an Choimisiúin do Dhréachtbhuiséad 2013 arna thíolacadh don Údarás Buiséadach an 25.4.2012.</u>

3.2.3.3. Riachtanais mheasta na n-acmhainní daonna i gcomhair na máthair-Ard-Stiúrthóireachta

– ☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí an 1ú deachúil ar a mhéad)*

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | ... iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don Phlean Bunaíochta (oifigigh agus gníomhairí sealadacha)** | | | | | | | |
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | | |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| **• Pearsanra seachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[20] | | | | | | | |
| XX 01 02 01 (CA, INT, SNE ón 'gclúdach iomlánaíoch') | | | | | | | |
| XX 01 02 02 (CA, INT, JED, LA agus SNE sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| XX 01 04 yy [21] - sa Cheanncheathrú[22] | | | | | | | |
| XX 01 04 yy [21] - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| **XX** 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | |

[20] CA= Gníomhaire ar conradh; INT= Foireann ghníomhaireachta ("*Intérimaire*"); JED = "*Jeune Expert en Délégation*" (saineolaí óg i dToscaireacht); LA= Gníomhaire áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht.

[21] Faoin uasteorainn do phearsanra seachtrach ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

[22] Le haghaidh na gCistí Struchtúracha, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) go bunúsach.

Is é 18 an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Riarfar ar na riachtanais acmhainní daonna le foireann ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht na gníomhaíochta faoina cúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe taobh istigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus gníomhairí sealadacha | |
| Pearsanra seachtrach | |

Ba cheart tuairisc ar ríomh an chostais i gcomhair FTE (coibhéis lánaimseartha) a bheith ar áireamh i roinn 3 den Iarscríbhinn.

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☑ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| |
|---|
| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.<br><br>Ní bheidh aon tionchar ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil. Mar sin féin, fiú amháin dá mba ghá buiséad na Gníomhaireachta a athneartú i ngeall ar fhoireann bhreise a earcú, ní bheifí ag dul lasmuigh den chreat airgeadais ilbhliantúil. |

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[23]

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.<br><br>Neamhbhainteach |

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– ☑ Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh mheasta thíos:

[23] Féach pointí 19 agus 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach.

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | ... iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *Sonraigh an comhlacht* cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim | Leithreasuithe atá ar fáil don tréimhse bhuiséadach leanúnach | Tionchar an togra/tionscnaimh[24] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | ... iontráil na colúin ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncaim ilghnéithigh shannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Neamhbhainteach Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

Neamhbhainteach

[24] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de chostais bhailiúcháin a bheith bainte astu.